# Treoir maidir le Gearradh Meicniúil Fálta Sceach

do Chontae na Gaillimhe*



## An Luach a bhaineann le Fálta Sceach

- Tá an-luach ag baint le fálta sceach don fhiadhúlra mar go gcuireann siad bia agus foscadh ar fáil d'éin agus mamaigh bheaga éagsúla.
- Tá an-tóir ar fhálta sceach i dtírdhreach na hÉireann agus cuireann siad le háilleacht na tuaithe.
- Cuidíonn fálta sceach le hídiú ithreach agus is cuid iad d'acmhainn nádúrtha smachtaithe tuilte na dtírdhreach.
- Oibríonn fálta sceach ina dteorainneacha stocdhíonach agus baineann tábhacht mhór leo dá réir d'fheirmeoirí agus úinéirí talún.









*Tionscnamh de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá páirtmhaoinithe ag an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta Bithéagsúlachta*

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht

# Bainistiú Fálta Sceach

Nithe is cóir a ghlacadh san áireamh sula ndéantar fál a ghearradh:

1. Céard iad na cuspóirí atá i gceist le bainistiú fálta sceach? Sábháilteacht bhóithre, rochtain ag coisithe, bainistiú feirme nó teorainneacha agus mar sin de. Déanfaidh seo eolas i ndáil leis an mbealach a ndéantar fál a bhainistiú maidir le chomh minic is a ghearrtar é agus an bealach a ngearrtar é.
2. Cén t-innealra is oiriúnaí? An bhfuil na fálta sceach sean agus lánfhásta le gais mhóra nó an fálta óga iad? Déan staidéar ar an bhfál sceach sula ngearrtar é agus cinntigh go bhfuil an t-innealra ceart agat a oireann do struchtúr an fháil.
3. An bhfuil aon speicis ionracha sa bhfál sceach e.g. glúineach bhiorach? Má tá speicis ionracha ann, nó má tá amhras ort go bhfuil siad ann, ná gearr dada agus déan teagmháil leis an nGrúpa Oibre maidir le Speicis Ionracha i gComhairle Chontae na Gaillimhe ar an ríomhphost **invasivespecies@galwaycoco.ie** agus leis an Innealtóir Ceantair. Chun tuilleadh eolais a fháil ar speicis ionracha féach ar **https://biodiversity.galwaycommunityheritage.org/content/invasive-species/knotweeds**

# Tráth na Bliana

Gearr fálta sceach idir Meán Fómhair agus Feabhra, an dá mhí sin san áireamh. Tá roinnt eisceachtaí ann ach cinntigh go mbaineann siad leis an obair atá ar bun agat.

Tá sé in aghaidh an dlí fálta sceach a ghearradh le linn shéasúr na n-éan goir i.e. Ón 1 Márta go dtí an 31 Lúnasa, an dá lá sin san áireamh **https://www.npws.ie/legislation/irish-law/restrictions-cutting-hedgerows**

# Cruth

- Gearr taobhanna an fháil sceiche go mbeidh sé ina thriantán, sa chaoi is go mbeidh sé leathan in íochtar agus caol in uachtar. Ar an gcaoi sin, beidh solas in ann íochtar an fháil a bhaint amach.
- Lig cead do bharr an fháil sceiche fás go scaoilte más féidir. Dá airde agus tibhe an fál sceach, is ea is fearr é don fhiadhúlra.
- sCé gur fearr le roinnt úinéirí talún fálta sceach a bhfuil cruth bosca orthu is beag tairbhe atá iontu don fhiadhúlra mar nach mórán bláthanna ná torthaí a fhásann orthu. Is fearr fálta arda agus tibhe mar go gcuireann siad foscadh ar fáil do bheostoc agus don fhiadhúlra.

# Leibhéal an Ghearrtha

Gearr na gais beagán os cionn na háite a gearradh iad go deireadh más féidir, ag fágáil suas le 12mm d'fhás nua. Is beagnach dtosaíonn gach píosa nua ag fás laistigh de chúpla ceintiméadar ón áit a rinneadh an gearradh. Cuideoidh sin le fál sceach breá láidir a fhás, atá go maith don fhiadhúlra agus go maith chun fál sceach a choinneáil ar mhaithe le teorainn stocdhíonach a bheith ann.

# Crainn i bhFálta Sceach

- Coinnigh seanchrainn agus toim arda chomh maith le corr chrann óg (arb iad crainn na todhchaí iad).
- Cuireann crainn atá ag fás i bhfálta sceach go mór le háilleacht ár dtírdhreach agus cuireann siad cuaillí ceoil agus pointí caoithiúla chun faire ar fáil chomh maith le háiteanna breise neadaithe agus fara don fhiadhúlra.
- Déan cinnte go dtugann tú neart áite do chrainn nuair atá tú á gcoinneáil lena chinntiú nach ndéanann an súiste nó an sábh gearrtha fálta damáiste dóibh.

# Innealra

- Ní mór don ghearradh a bheith ina ghearradh glan nuair atáthar ag gearradh fálta sceach nó plandaí adhmaid. Is féidir le fréamhacha scriosta nó spíonta lobhadh nó is féidir le galar teacht orthu agus laghdaíonn sin spreacadh an fháil sceiche. Is féidir leo a bheith ag breathnú gránna freisin.
- Tá trealamh gearrtha atá géar riachtanach le go mbeidh an gearradh glan.
- Ba chóir na lanna a ghéarú go rialta le linn shéasúr gearrtha na bhfálta (tuairim is gach coicís)

# Innealra Feiliúnach

- Barraí méar - feiliúnach chun ábhar bog, éadrom a ghearradh go rialta
- Súistí - feiliúnach chun ábhar a bhfuil trastomhas suas le 12mm a ghearradh. Is féidir iad a úsáid chun gais níos láidre a bhriseadh ach níl siad inmhianaithe mar go mbíonn fréamhacha scriosta agus spíonta mar thoradh orthu.
- Sábh ciorclach - feiliúnach chun gais níos mó a ghearradh, chun cruth nua a chur ar fhálta sceach agus barrscoitheadh.

# Chomh minic is a chóir Fálta a Ghearradh

- Ba chóir fálta sceach a ghearradh gach trí bliana go hidéalach chun go bhfásfaidh siad go láidir agus chun luach fiadhúlra na bhfálta a choinneáil.
- D'fhéadfadh fálta ar thaobh an bhóthair a bheith le gearradh níos minice d'fhonn sábháilteacht bhóithre a chinntiú.
- Tiocfaidh laghdú ar an méid bláthanna a fhásann ar thoir fálta sceach má ghearrtar ró-mhinic iad.

# Coinneáil taifead

Glac grianghraif ar d'fhón nuair is féidir sula ngearrtar fál sceach agus i ndiaidh é bheith gearrtha agus cuideoidh sin le taifead a choinneáil ar bhainistiú fálta sceach laistigh den chontae.

*Bunaithe ar threoir Teagasc **https://www.teagasc.ie/media/website/environment/biodiversity-countryside/routine_mechanical_hedge_cutting.pdf**

# Acmhainní breise

**Fálta Sceach Chontae na Gaillimhe**

**https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/heritage-publications/hedgerows-county-galway**

**Conserving hedgerows https://www.heritagecouncil.ie/content/files/conserving_hedgerows_2mb.pdf**

**Hedgerows for pollinators https://pollinators.ie/resources/hedgerows/**

**Hedgerow management https://www.teagasc.ie/media/website/publications/2009/teagasc_farmhedge_management.pdf**

**http://ww2.rspb.org.uk/Images/Englishhedgerows1_tcm9-133255.pdf**

**The value of hedgerows https://www.teagasc.ie/media/website/publications/2009/value_of_hedgerows.pdf**

**Identifying Japanese knotweed https://biodiversity.galwaycommunityheritage.org/content/invasive-species/knotweeds**

**Managing a healthy hedgerow https://www.youtube.com/watch?v=ZXETU0gZ9Y0**

**Hedgerows and wildlife https://youtu.be/g9MDO_5q25U**

*Tionscnamh de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá páirtmhaoinithe ag an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta Bithéagsúlachta*

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht